Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/267

18.1.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/267 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17 Eanáir 2024**

**lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'DEC-SPORE 200 Plus' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017 chuir Veltek Associates Inc. Europe iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, iarratas ar údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach singil ar a dtugtar 'DEC-SPORE 200 Plus' de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-WV034235-09 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is í an tsubstaint ghníomhach atá in 'DEC-SPORE 200 Plus' aigéad sáraicéiteach, ar substaint í a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineál táirge 2.

(3) An 30 Lúnasa 2022 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 23 Márta 2023 chuir an Ghníomhaireacht faoi bhráid an Choimisiúin an tuairim uaithi ([2]), an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh le haghaidh 'DEC-SPORE 200 Plus' agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach singil, i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach singil é 'DEC-SPORE 200 Plus' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 14 Aibreán 2023 sheol an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh 'DEC-SPORE 200 Plus' a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
([2]) Tuairim ó ECHA an 2 Márta 2023 maidir le húdarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil 'DEC-SPORE 200 Plus' (ECHA/BPC/374/2023), https://echa.europa.eu/it/opinions-on-union-authorisation

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0030727-0000 do Veltek Associates Inc. Europe chun an táirge bithicídeach singil 'DEC-SPORE 200 Plus' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 7 Feabhra 2024 go dtí an 31 Eanáir 2034.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach**

DEC-SPORE 200 Plus

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe:

Uimhir sócmhainne R4BP:

## 1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

### 1.1. Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge

| | |
|---|---|
| Trádainm (nó trádainmneacha) | DEC-SPORE 200 Plus<br>DEC-SPORE 300 Plus |

### 1.2. Sealbhóir an údaraithe

| | | |
|---|---|---|
| Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe | Ainm | |
| | Seoladh | |
| Uimhir an údaraithe | | |
| *Uimhir sócmhainne R4BP* | | |
| Dáta an údaraithe | | |
| Dáta éaga an údaraithe | | |

### 1.3. Déantóir (nó déantóirí) an táirge

| | |
|---|---|
| Ainm an déantóra | Evonik Operations GmbH (Acting for Evonik Active Oxygens, LLC (US)) |
| Seoladh an déantóra | One Commerce Square, 2005 Market Street, Suite 3200, 19103 Philadelphia PA Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| Suíomh na láithreán déantúsaíochta | Tonawanda Plant, 35 Sawyer Avenue, 14150 Tonawanda, NY Stáit Aontaithe Mheiriceá |

### 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

| | |
|---|---|
| Substaint ghníomhach | Aigéad sáraicéiteach |
| Ainm an déantóra | Evonik Operations GmbH (Acting for Evonik Active Oxygens, LLC (US)) |

| | |
|---|---|
| Seoladh an déantóra | One Commerce Square, 2005 Market Street, Suite 3200, 19103 Philadelphia, PA Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| Suíomh na láithreán déantúsaíochta | Tonawanda Plant, 35 Sawyer Avenue, 14150 Tonawanda, NY Stáit Aontaithe Mheiriceá |

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Aigéad sáraicéiteach | | Substaint Ghníomhach | 79-21-0 | 201-186-8 | 5,13 |
| Aigéad aicéiteach (oighreach) | Aigéad aicéiteach | Substaint neamhghníomhach | 64-19-7 | 200-580-7 | 10,4 |
| Sárocsaíd hidrigine | Sárocsaíd hidrigine | Substaint neamhghníomhach | 7722-84-1 | 231-765-0 | 21,7 |

## 2.2. Cineál foirmlithe

SL - Tiúchan intuaslagtha

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

| | |
|---|---|
| Ráitis ghuaise | D'fhéadfadh téamh bheith ina chúis le dóiteán.<br>D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail.<br>Díobhálach má shlogtar.<br>Díobhálach má dhéantar teagmháil le craiceann.<br>Díobhálach má ionanálaítear.<br>Creimneach don chonair riospráide.<br>An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana.<br>Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. |
| Ráitis réamhchúraim | Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.<br>Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin.<br>Ná hanálaigh dusta.<br>Ná hanálaigh gala.<br>Ná hith, ná hól nó ná caith tobac nuair atá an táirge seo in úsáid agat.<br>Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte.<br>Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol.<br>Caith lámhainní cosanta.<br>Caith éadaí cosanta.<br>Caith súilchosaint.<br>Caith aghaidhchosaint.<br>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig):Bain na héadaí éillithe go léir láithreach.Sruthlaigh an craiceann le uisce.<br>MÁ SHLOGTAR:Sruthlaigh do bhéal.Ná SPREAG urlacan.<br>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. |

| | |
|---|---|
| | Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHIÚCHÁIN.<br>Bain na héadaí éillithe go léir.Agus nigh roimh athúsáid.<br>Diúscair ábhar chuig de réir rialacháin áitiúla/náisiúnta.<br>Diúscair coimeádán chuig de réir rialacháin áitiúla/náisiúnta.<br>MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.<br>Stóráil faoi ghlas. |

4. **ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 1.*

**Úsáid # 1 – Feidhm #1: Feidhm dífhabhtán dromchla - Lastigh**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: Baictéir<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Cillíní baictéaracha<br><br>Ainm eolaíoch: Speicis ghiosta<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: Giostaí ceallacha |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | Faoi dhíon<br>Dífhabhtán le haghaidh úsáid thionsclaíoch amháin. Le húsáid faoi dhíon ar urláir, ballaí agus dromchlaí crua neamh-scagach eile mar, ach gan a bheith teoranta dóibh, dromchlaí ginearálta, uirlisí, táblaí, seilfeanna, srl. i seomraí ionghlan áiseanna déantúsaíochta le haghaidh cógaisíochta, bithchógaisíochta, feiste leighis, cúram sláinte agus táirgí diagnóiseacha. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Dífhabhtú dromchla trí chur ar maos nó spraeáil truicir. Is féidir mapa, ceirt nó ciarsúr a úsáid chun an táirge a leathadh.<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Airí úsáide: 100 ml/m$^2$<br><br>Airí caolaithe: 0,5 % v/v Caolaigh táirge 1:200 in uisce (mar shampla 5 ml táirge isteach i 995 ml uisce) de láimh nó úsáid Córas SimpleMix<br><br>Airí uainithe: |

| | |
|---|---|
| | Minicíocht forchur tipiciúil de 1 forchur in aghaidh an lae<br><br>Am na teagmhála:<br>5 nóiméad le haghaidh cóireála bhaictéiricídeach agus ghiostaicídeach. |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | Tionsclaíoch |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | 75 ml buidéil poileitiléin ard-dlúis (HDPE) (teimhneach)<br>473 ml buidéil HDPE (teimhneach) – bpacáiste SimpleMix<br><br>503 ml buidéil HDPE (teimhneach)<br><br>3,79 l buidéil HDPE (teimhneach) – bpacáiste SimpleMix<br><br>Gach buidéal ar a laghad i málaí dúbailte (níos mó málaí ar iarratas ón gcustaiméir) i málaí trédhearcach poileitiléin íseal-dlúis (LDPE) teas-séalaithe, atá i gcásanna loingseoireachta cairtchláir. Ní thairgtear iad mar bhuidéil aonair. Ní dhíoltar iad ach i mboscaí atá séalaithe go hiomlán. |

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus sruthlaigh an dromchla go críochnúil. Bain barrachas uisce ón dromchla roimh dhífhabhtú, más cuí. Ullmhaigh caolú dífhabhtánach (1:200). Úsáid go chríochnúil mar a ordaítear sna treoracha maidir le húsáid: Fliuch an dromchla go maith agus lig dó triomú san aer. Níl gá le sruthlú ach is féidir é a dhéanamh más mian leat.

Caolú a ullmhú de láimh:

Meascán caolú úsáide de 1:200.

1. Tomhas 995 ml d'uisce isteach i gcoimeádán glan nó aimridithe.

2. Cuir 5 ml den táirge leis.

3. Dún an coimeádán go daingean. Corraigh an coimeádán dúnta lena mheascadh go maith.

4. Is féidir caoluithe comhréireacha a dhéanamh do chainníochtaí eile, más mian leo.

Caolú a ullmhú trí úsáid a bhaint as an bpacáiste SimpleMix (Féach caipín ar bhuidéal nó bróisiúr treoracha SimpleMix chun treoracha scríofa a fháil):

Déantar an coimeádán SimpleMix (473 ml nó 3,79 l) a réamhdháileadh le huisce agus le tiúchan an táirge a fhágann caolú úsáide 1:200.

1. Oscail caipín mór an Chórais SimpleMix.

2. Brúigh síos ar an gcaipín istigh chun an tiúchan a scaoileadh isteach sa taiscumar istigh.

3. Athcheangail agus dún an claibín mór.

4. Más buidéal 3,79 lítear atá sa choimeádán, cinntigh freisin go bhfuil an claibín oscailte doirte ar an bpríomhbhuidéal fáiscthe go daingean. Níl ach aon chlaibín mór amháin agus spraeire truicirag buidéil 473 ml.

5. Corraigh an coimeádán dúnta ar feadh 15 shoicind.

6. Doirt as an mbuidéal mór isteach i dtrealamh feidhme cuí nó bain úsáid as an gcnaipe spraeála ceangailte den mhéid 473 ml, de réir mar is cuí.

Úsáid feiste spraeire mheicniúil chun an táirge a leathadh nó a chur ar an dromchla ar bhealach eile agus ansin úsáid ceirt, mapa nó ciarsúr lena leathadh. Cinntigh go bhfuil na dromchlaí fliuchta ina n-iomláine, agus fág 5 nóiméad ar a laghad iad chun go n-oibreoidh an táirge.

Nuair a úsáidtear é ar bhallaí, d'fhéadfadh go mbeadh gá le feidhme iolracha chun an dromchla a fhliuchadh go hiomlán.

Níl gá le sruthlú ach is féidir é a dhéanamh más mian leat.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Maidir leis an táirge neamhchaolaithe:

Bíodh aerú leordhóthanach ann le 10 n-athrú aeir in aghaidh na huaire (ACH) ar a laghad. Níor cheart fanacht sa limistéar atá faoi chóireáil níos faide ná mar is gá.

Tá sé éigeantach trealamh cosanta riospráide (TCR) a úsáid i gcomhréir le Caighdeán Eorpach EN 14387 nó a chomhionann agus fachtóir cosanta 4 a chur ar fáil. Tá gá, ar a laghad, le hanálaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH1/TM1) nó leathmhasc/masc iomlán a bhfuil comhscagaire gáis/P2 aige (cineál scagaire AB1, cineál scagaire donn/liath).

Caith lámhainní cosanta-díonach ar cheimiceáin atá aicmithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann – tá ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe i bhfaisnéis an táirge agus forchóta cosanta (Cineál 6 EN 13034 nó a chomhionann ar a laghad) atá neamhscagach ar an táirge bithicídeach le linn láimhseáil táirge.

Tá sé éigeantach go gcaitear cosaint súl nó aghaidhe i gcomhréir le EN 16321 nó a chomhionann le linn láimhseáil táirge.

Déan lámhainní cosanta a dhiúscairt tar éis iad a úsáid.

Tá sé seo gan dochar don feidhme, ná d'fhostóirí faoi Threoir 98/24/EC ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Féach ar roinn 6 le haghaidh teidil iomlána na gCaighdeán EN agus na reachtaíochta.

I gcás táirgí caolaithe (0,5 % v/v):

Níl gá le bearta maolaithe riosca don táirge caolaithe.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.2. **Tuairisc úsáide**

*Tábla 2.*

**Úsáid # 2 – Feidhm #2: Dífhabhtán dromchla - Lastigh - Feidhm spóraicídeach**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha<br>Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha<br>Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha |

| | |
|---|---|
| | Ainm eolaíoch: Baictéir<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Cillíní baictéaracha<br><br>Ainm eolaíoch: Speicis ghiosta<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: Giostaí ceallacha<br><br>Ainm eolaíoch: Fungais<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: Fungais |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | Faoi dhíon<br>Dífhabhtán le haghaidh úsáid thionsclaíoch amháin. Le húsáid faoi dhíon ar urláir, ballaí agus dromchlaí crua neamh-scagach eile mar, ach gan a bheith teoranta dóibh, dromchlaí ginearálta, uirlisí, táblaí, seilfeanna, srl. i seomraí ionghlan áiseanna déantúsaíochta le haghaidh cógaisíochta, bithchógaisíochta, feiste leighis, cúram sláinte agus táirgí diagnóiseacha. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Dífhabhtú dromchla trí chur ar maos nó spraeáil truicir. Is féidir mapa, ceirt nó ciarsúr a úsáid chun an táirge a leathadh.<br><br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>- |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Airí úsáide: 100 ml/m$^2$<br><br>Airí caolaithe: 6,7 % v/v Caolaigh táirge 1:15 in uisce (mar shampla 67 ml táirge isteach i 933 ml uisce) de láimh nó úsáid Córas SimpleMix<br><br>Airí uainithe:<br>Minicíocht forchur tipiciúil de 1 forchur in aghaidh an lae<br><br>Am na teagmhála:<br><br>5 nóiméad le haghaidh cóireála bhaictéiricídeach, ghiostaicídeach agus fungaicídeach<br><br>15 nóiméad le haghaidh cóireála spóraicídeach |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | Tionsclaíoch |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | 75 ml buidéil poileitiléin ard-dlúis (HDPE) (teimhneach)<br><br>473 ml buidéil HDPE (teimhneach) – bpacáiste SimpleMix<br><br>503 ml buidéil HDPE (teimhneach)<br><br>3,79 l buidéil HDPE (teimhneach) – bpacáiste SimpleMix<br><br>Gach buidéal ar a laghad i málaí dúbailte (níos mó málaí ar iarratas ón gcustaiméir) i málaí trédhearcach poileitiléin íseal-dlúis (LDPE) teas-séalaithe, atá i gcásanna loingseoireachta cairtchláir. Ní thairgtear iad mar bhuidéil aonair. Ní dhíoltar iad ach i mboscaí atá séalaithe go hiomlán. |

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Glan agus sruthlaigh an dromchla go críochnúil. Bain barrachas uisce ón dromchla roimh dhífhabhtú, más cuí. Ullmhaigh caolú dífhabhtánach (1:15). Úsáid go chríochnúil mar a ordaítear sna treoracha maidir le húsáid: Fliuch an dromchla go maith agus lig dó triomú san aer. Níl gá le sruthlú ach is féidir é a dhéanamh más mian leat.

Caolú a ullmhú de láimh:

Meascán caolú úsáide de 1:15.

1. Tomhas 3,75 l d'uisce isteach i gcoimeádán glan nó aimridithe.

2. Cuir 250 ml den táirge leis.

3. Dún an coimeádán go daingean. Corraigh an coimeádán dúnta lena mheascadh go maith.

4. Is féidir caoluithe comhréireacha a dhéanamh do chainníochtaí eile, más mian leo.

Caolú a ullmhú trí úsáid a bhaint as an bpacáiste SimpleMix (473 ml nó 3,79 l). (Féach caipín ar bhuidéal nó bróisiúr treoracha SimpleMix chun treoracha scríofa a fháil.):

[Nóta: Is é an toradh a bhíonn ar an gcoimeádán SimpleMix a bhfuil an lipéad "Sporicíde" air ná caolú úsáide 1:15.]

1. Oscail caipín mór an Chórais SimpleMix.

2. Brúigh síos ar an mbuidéal beag laistigh chun an chuid thiubhaithe laistigh den phacáiste a scaoileadh isteach san uisce laistigh den phacáiste.

3. Athcheangail agus dún an claibín mór.

4. Más buidéal 3,79 lítear atá sa choimeádán, cinntigh freisin go bhfuil an claibín oscailte doirte ar an bpríomhbhuidéal fáiscthe go daingean. Níl ach aon chlaibín mór amháin agus spraeire truicirag buidéil 473 ml.

5. Corraigh an coimeádán dúnta ar feadh 15 shoicind.

6. Doirt as an mbuidéal mór isteach i dtrealamh feidhme cuí nó bain úsáid as an gcnaipe spraeála ceangailte den mhéid 473 ml, de réir mar is cuí.

(Féach caipín ar bhuidéal nó bróisiúr treoracha SimpleMix SM-01-E chun treoracha scríofa a fháil.)

Úsáid feiste spraeire mheicniúil chun an táirge a leathadh nó a chur ar an dromchla ar bhealach eile agus ansin úsáid ceirt, mapa nó ciarsúr lena leathadh. Bí cinnte na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán, ceadaigh éifeacht a ghlacadh ar feadh 5 nóiméad ar a laghad le haghaidh cóireáil bhaictéiricídeach, ghiostaicídeach agus fungaicídeach, 15 nóiméad le haghaidh cóireáil spóraicídeach.

Nuair a úsáidtear é ar bhallaí, d'fhéadfadh go mbeadh gá le feidhme iolracha chun an dromchla a fhliuchadh go hiomlán.

Níl gá le sruthlú ach is féidir é a dhéanamh más mian leat.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Maidir leis an táirge neamhchaolaithe:

Bíodh aerú leordhóthanach ann le 10 n-athrú aeir in aghaidh na huaire (ACH) ar a laghad. Níor cheart fanacht sa limistéar atá faoi chóireáil níos faide ná mar is gá.

Tá sé éigeantach trealamh cosanta riospráide (TCR) a úsáid i gcomhréir le Caighdeán Eorpach EN 14387 nó a chomhionann agus fachtóir cosanta 4 a chur ar fáil. Tá gá, ar a laghad, le hanálaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH1/TM1) nó leathmhasc/masc iomlán a bhfuil comhscagaire gáis/P2 aige (cineál scagaire AB1, cineál scagaire donn/liath).

Caith lámhainní cosanta-díonach ar cheimiceáin atá aicmithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann – tá ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe i bhfaisnéis an táirge agus forchóta cosanta (Cineál 6 EN 13034 nó a chomhionann ar a laghad) atá neamhscagach ar an táirge bithicídeach le linn láimhseáil táirge.

Tá sé éigeantach go gcaitear cosaint súl nó aghaidhe i gcomhréir le EN 16321 nó a chomhionann le linn láimhseáil táirge.

Déan lámhainní cosanta a dhiúscairt tar éis iad a úsáid.

Tá sé seo gan dochar don feidhme, ná d'fhostóirí faoi Threoir 98/24/EC ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Maidir leis an táirge caolaithe (6,7 % v/v):

Bíodh aerú leordhóthanach ann le 10 n-athrú aeir in aghaidh na huaire (ACH) ar a laghad. Níor cheart fanacht sa limistéar atá faoi chóireáil níos faide ná mar is gá.

Caith lámhainní cosanta-díonach ar cheimiceáin atá aicmithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann – tá ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe i bhfaisnéis an táirge agus forchóta cosanta (Cineál 6 EN 13034 nó a chomhionann ar a laghad) atá neamhscagach ar an táirge bithicídeach le linn láimhseáil táirge.

Tá sé éigeantach trealamh cosanta riospráide (TCR) a úsáid i gcomhréir le Caighdeán Eorpach EN 14387 nó a chomhionann a chuireann fachtóir cosanta 4 ar fáil le haghaidh glantacháin agus fachtóir 10 maidir le spraeáil agus mapáil cnaipe. Tá gá, ar a laghad, le hanálaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH1/TM1) nó leathmhasc/masc iomlán a bhfuil comhscagaire gáis/P2 aige (cineál scagaire AB1, cineál scagaire donn/liath).

I gcás ráta aerála 30 AAU:

Caith lámhainní cosanta-díonach ar cheimiceáin atá aicmithe faoi Chaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann – tá ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe i bhfaisnéis an táirge agus forchóta cosanta (Cineál 6 EN 13034 nó a chomhionann ar a laghad) atá neamhscagach ar an táirge bithicídeach le linn láimhseáil táirge.

Tá sé éigeantach go gcaitear cosaint súl nó aghaidhe i gcomhréir le EN 16321 nó a chomhionann le linn láimhseáil táirge.

Déan lámhainní cosanta a dhiúscairt tar éis iad a úsáid.

Tá sé seo gan dochar don feidhme, ná d'fhostóirí faoi Threoir 98/24/EC ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais i réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Ba cheart daoine gan chosaint a choinneáil amach as na limistéir chóireáilte go dtí go mbíonn na dromchlaí tirim.

Féach ar roinn 6 le haghaidh teidil iomlána na gCaighdeán EN agus na reachtaíochta.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha úsáide ginearálta

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE [1]

### 5.1. Treoracha úsáide

Féach na treoracha úsáide a bhaineann go sonrach le húsáid

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

Ní mór daoine gan chosaint a choinneáil amach ó limistéir faoi chóireáil inar mó an tiúchan sárocsaíde hidrigine agus/nó aigéid sháraicéitigh san aer ná na luachanna AEC san aer faoi seach (1,25 $mg/m^3$ le haghaidh sárocsaíd hidrigine agus 0,5 $mg/m^3$ le haghaidh aigéad sáraicéiteach, nó luach tagartha náisiúnta ábhartha níos lú).

[1] Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

I gcás ina sáraíonn sárocsaíd hidrigine san aer, tiúchan aigéid pheraicéiteach agus/nó aigéid aicéiteach na luachanna faoi seach tiúchan nochta inghlactha san aer nó nuair nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar thiúchan san aer caithfidh daoine aonair/úsáideoirí atá nochta trealamh cosaint riospráide iomchuí a chur orthu.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Maidir leis an táirge neamhchaolaithe:

MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Déan do bhéal a shruthlú láithreach. Tabhair rud éigin le hól, más féidir leis an té a nochtaithe ól. NÁ spreag an t-urlacan. Glaoigh ar 112 nó otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le flúrise uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot gach éadach truaillithe agus nigh iad sula n-athúsáidtear iad. Lean ar aghaidh ag nigh an craiceann le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS INA MBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Lean ar aghaidh ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Glaoigh ar 112 nó otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Eolas do phearsanra Cúraim Sláinte/dochtúirí:

Ba chóir na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir má tá an tsúil nochta do cheimiceáin alcaileach (pH > 11), aimín agus aigéid cosúil le haigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad propianach

I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Cuir an duine amuigh faoin aer agus coinnigh ar a shuaimhneas é chun go mbeidh sé in ann análú go réidh éasca.

Má tá comharthaí tinnis le feiceáil: Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Mura bhfuil aon comharthaí tinnis ann: Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Cuir tús le bearta tacaí beatha más gá, glaoigh ar IONAD NIMHE ina dhiaidh sin.

<u>I gcás táirgí caolaithe (0,5 % v/v agus 6,7 % v/v):</u>

I GCÁS INA N-ANÁLÓFAR AN GHAL: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Sruthlaigh an béal. Tabhair rud éigin le hól, más féidir leis an té a nochtaithe ól. NÁ spreag an t-urlacan. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ TÁ SÉ AR AN GCRAICEANN: Bain díot gach éadach truaillithe agus nigh iad sula n-athúsáidtear iad. Nigh an craiceann le huisce. Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle dochtúra.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir. I gcás Doirte nó nochta, glaoigh ar an tSeirbhís Práinnfhreagartha ón Eoraip i mBéarla agus i 23 theanga Eorpacha ar CARECHEM24 ag +44 1235 239 670, glaoigh ar +44 1235 239 671 san Araibis.

Bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint:

Seachain scaoileadh (díreach) (táirge neamhchaolaithe) chuig an timpeallacht/córas séarachais.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Cinntigh go bhfuil an coimeádán folamh go hiomlán.

Ná athúsáid an coimeádán folamh.

Déan coimeádáin fholmha a láimhseáil leis an gcúram céanna agus na réamhchúraimí sábháilteachta céanna agus a bhíonn i gcoimeádáin líonta. Sruthlaigh triarach nó rinseáil coimeádán folamh le huisce sconna, ansin tairgtear é le hathchúrsáil nó le hathchóiriú, nó cuir i líonadh talún sláintíochta é, nó loisc é nó dó coimeádán folamh, má cheadaíonn údaráis náisiúnta agus áitiúla é.

Ba cheart go gcloífeadh diúscairt pacáistíochta i gcónaí leis an reachtaíocht um dhiúscairt dramhaíola agus le haon cheanglais réigiúnacha údaráis áitiúil.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinnigh in áit fhionnuar.

Coinnigh an táirge ina choimeádán aeráilte bunaidh.

Ná stóráil ar a dtaobh nó bhunoscionn é

Seachain damáiste a dhéanamh don phacáistíocht nó ding a chur ann.

Ná héilligh uisce, bia ná beatha le linn stórála agus dhiúscairt an táirge.

Coinnigh an coimeádán dúnta go docht

Stóráil os cionn 0 °C agus faoi bhun 30 °C

Seilfré: 2 bhliain.

6. **FAISNÉIS EILE**

Teidil iomlána na gCaighdeán EN agus na reachtaíochta a luaitear.

EN 14387 - Feistí cosanta riospráide – Scagairí gáis agus comhscagairí – Ceanglais, tástáil, marcáil.

EN 16321 - Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde.

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach. Cuid 1: téarmaíocht agus ceanglais feidhmíochta maidir le rioscaí ceimiceacha.

EN 13034 - Éadaí cosanta ar cheimiceáin leachtacha. Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ar cheimiceáin lena dtugtar feidhmíocht chosanta theoranta ar cheimiceáin leachtacha (Trealamh de Chineál 6 agus de Chineál PB [6]).

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).